

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en, es)

13963/1/26
REV 1
PV CONS 53
JAI 1247
COMIX 242
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)
1 agus 2 Deireadh Fómhair 2026

DÉARDAOIN, AN 1 DEIREADH FÓMHAIR 2026

GNÓTHAÍ BAILE

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre mar a leagtar amach in 13625/26 é.

2. Formheas na míreanna ‘A’

(a) Liosta neamhreachtach

13614/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

13615/26

Ceartas agus Gnóthaí Baile

1. Rialachán lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh
Glacadh an ghnímh reachtaigh a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 23.9.2026



13179/26 + ADD 1
PE-CONS 40/26
MIGR
JAI

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Spáinn ag vótáil ina choinne agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 79(2), pointe (c), CFAE).

Leagtar amach ráitis ón Spáinn agus ón bPortaingéil san Iarscríbhinn.

RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN (‘COMHAIRLE SCHENGEN’)

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen

(a) Nuashonrú staide

12837/1/26 REV 1

- (b) Gníomhaíochtaí tosaíochta thimthriall
Chomhairle Schengen a chur chun feidhme: slándáil
inmheánach a mhéadú trí mhalartú faisnéise a fheabhsú
agus trí fhorbairtí teicneolaíochta a ghíaráil
Seisiún tuairimíochta

13285/26

4. Feabhas a chur ar an bhfilleadh trí chomhar feabhsaithe le tríú tíortha tosaíochta maidir le hathlígíeán isteach
Seisiún tuairimíochta 13021/26
5. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta
Staid na himeartha 12923/26

SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

6. Aon ghnó eile

- a) **Tograí reachtacha reatha**
Faisnéis ón Uachtaránacht

 13051/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na ngnóthaí baile.

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

7. Cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann¹²
Staid na himeartha
8. Feasacht staide ar chúrsaí imirce agus cumais luathrabhaidh an Aontais a threisiú, lena n-áirítear le linn cásanna géarchéime¹³
Seisiún tuairimíochta 12918/26
9. Creat straitéiseach an Aontais maidir le drugaí a chur chun feidhme: imeaglú a bhaineann le drugaí⁴
Seisiún tuairimíochta 12796/26

¹ I láthair na dtíortha atá Comhlachaithe le Limistéar Schengen.

² I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUAA, eu-LISA agus Frontex.

³ I láthair na ngníomhaireachtaí EUAA, Europol agus Frontex.

⁴ I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha EUDA agus Europol.

10. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir leis an tslándáil: measúnú ó sheirbhísí faisnéise intíre na hEorpa⁵⁶⁷
Staid na himeartha 
11. Tionchar na timpeallachta geopholaitiúla reatha ar shlándáil inmheánach an Aontais⁵⁶
Seisiún tuairimíochta  12997/26
12. Aon ghnó eile
- a) Tuarascáil bhliantúil 2026 ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú
Faisnéis ón gCoimisiún 13207/26
13487/26
- b) Sásra Éigeandála Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú agus ar bhagairtí hibrídeacha ag teorannacha seachtracha an Aontais
Faisnéis ón nGréig 13311/26
- c) Coinneáil sonraí
Faisnéis ón bhFrainc 13437/1/26 REV 1

DÉ hAOINE, AN 2 DEIREADH FÓMHAIR 2026

CEARTAS

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

13. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Eurojust  12859/1/26
Díospóireacht bheartais REV 1

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle i ndáil leis an athbhreithniú ar Rialachán Eurojust.

14. Aon ghnó eile

- a) **Tograí reachtacha reatha**  13051/26
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

⁵ Fágadh gléasanna leictreonacha lasmuigh.

⁶ I láthair na ngníomhaireachtaí Eorpacha Europol agus Frontex.

⁷ I láthair Choimisinéir an Gharda Síochána (Seirbhís slándála náisiúnta na hÉireann).

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

- | | | |
|-----|---|---------------------------------------|
| 15. | Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac ⁸
<i>Staid na himeartha</i> | 12865/26 |
| 16. | Cosaint na sochaí sibhialta agus iriseoirí ⁹
<i>Seisiún tuairimíochta</i> | 12958/26 |
| 17. | Conclúidí maidir leis an gciníochas agus cineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe a chomhrac san Aontas Eorpach: Cearta Bunúsacha agus Luachanna Eorpacha a chosaint
<i>Formheas</i>
<i>Seisiún tuairimíochta</i> ⁹ | 12748/26
13202/26 +
ADD 1 REV 2 |
| 18. | Aon ghnó eile | |
| a) | Tuarascáil bhliantúil 2026 ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú
<i>Faisnéis ón gCoimisiún</i> | 13207/26
13091/26 |
| b) | Tuarascáil ar chur chun feidhme Mholadh (AE) 2023/681 maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha
<i>Faisnéis ón gCoimisiún</i> | 12931/26
13300/26 |
| c) | Coinneáil sonraí
<i>Faisnéis ón bhFrainc</i> | 13437/1/26
REV 1 |



An chéad léamh



Mír shrianta



Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

⁸ I láthair na gníomhaireachta Eorpaí Eurojust.

⁹ I láthair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).

Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach ‘A’ a leagtar amach in 13615/26

Maidir le mír 1 ar **Rialachán lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá**
liosta na **ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh**
míreanna ‘A’: *Glacadh an ghnímh reachtaigh*

RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

Tacaíonn an Phortaingéil leis an gcomhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air, as ar eascair tabhairt chun críche an Rialacháin um Fhilleadh. Dar linne go deimhin, tá sé ríthábhachtach creat dlíthiúil a chur ar fáil don Aontas Eorpach lena gcumasófar bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar shreafaí imirce agus rialú teorainneacha seachtracha an Aontais, agus bunluachanna an Aontais Eorpaigh dhaonnachtúil á gcaomhnú ag an am céanna, eadhon an smacht reachta agus cosaint dhínit an duine.

Mar sin féin, ní féidir leis an bPortaingéil tacú, ar bhonn prionsabail, le coincheap na mol um fhilleadh. Ní ghlacfaimid páirt sa sásra sin agus cuirfimid i gcoinne é a mhaoiniú le buiséad an Aontais. Ina theannta sin, cé gur díol sásaimh dúinn go n-eisiatar mionaoisigh neamhthionlactha ó raon feidhme na mol um fhilleadh, measaimid gur cheart an leibhéal céanna cosanta a leathnú chuig teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu, ar mhaithe le leas na leanaí agus i gcomhréir le prionsabail agus luachanna comhroinnte an Aontais Eorpaigh. Is gné an-tábhachtach dúinn é sin.

Ina theannta sin, tá forchoimeádais láidre ag an bPortaingéil maidir le huasfhad na tréimhse coinneála dá bhforáiltear in Airteagal 30. Is ábhar inní é Airteagal 35 freisin, ós rud é go ndéantar bearta eacnamaíocha agus bearta maidir le comhar um fhorbairt le tríú tíortha coinníollach ar an tacaíocht a thugann siad do nósanna imeachta um fhilleadh agus d’athligéan isteach.

RÁITEAS ÓN SPÁINN

1. Is dúshlán Eorpach í an imirce a bhfuil réitigh Eorpacha ag teastáil ina leith. Tá an Spáinn ag tacú go láidir le beartas imirce cuimsitheach Eorpach, ina dtugtar aghaidh ar na gnéithe inmheánacha agus seachtracha araon i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais Eorpaigh. Sa chomhthéacs sin, tá fillleadh daoine nach bhfuil ceart fanachta acu ar cheann de roinnt príomhghnéithe den bheartas cuimsitheach imirce sin.

2. Measann an Spáinn gur cheart dhá phríomhchuspóir a shaothrú leis an gcreat rialála Eorpach um fhilleadh. Ar thaobh amháin, ba cheart córas coiteann Eorpach um fhilleadh a bhunú leis, díreach mar atá comhchóras tearmainn agus córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha ag an Aontas. Ar an taobh eile, ba cheart dó nós imeachta um fhilleadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur chun cinn, agus dínit, slándáil agus coimircí dlíthiúla iomchuí á n-áirithiú ag an am céanna, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.

3. Measann an Spáinn nach gcomhlíonann an téacs a cuireadh i láthair an dá chuspóir sin ar thrí phríomhchúis: go roghnaítear sa téacs gan córas fíor-Eorpach um fhilleadh a bhunú; na caidrimh thromchúiseacha dhlíthiúla, sheachtracha agus oibríochtúla a léirigh na moil um fhilleadh; agus an easpa comhréireachta a bhaineann le bearta áirithe. Mar sin féin, is comhartha iad na himeachtaí a tharla le déanaí in Ceuta nach bhfuil ionstraimí sa reachtaíocht Eorpach a fhágann gur féidir filleadh éifeachtach a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla atá as an ngnáth.

4. Maidir leis an gcéad chúis, fágadh ar lár ceann de phríomhchuspóirí an togra tosaigh, eadhon aitheantas frithpháirteach éigeantach do chinntí ar bhonn Ordú Eorpach um Fhilleadh. Ina theannta sin, in ionad iarrachtaí a dhíriú ar dhaoine a fhilleadh nach bhfuil sé de cheart acu fanacht ó limistéar Schengen ina iomláine, cruthaíodh sásraí nua chun daoine a aistriú idir na Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá an méadú a rinneadh ar líon na dtagairtí don reachtaíocht náisiúnta chun dochair do chomhchuibhiú an chórais. I mbeagán focal, cailleadh an deis chun comhchóras Eorpach a bhaint amach. In ionad dul i dtreo comhchórais, is siar atá ár dtriall.

5. Maidir leis an dara cúis, is cúis mhór imní don Spáinn i gcónaí na moil um fhilleadh. Leis an téacs atá beartaithe, d'fhéadfaí na moil sin a bhunú trí bhíthin comhaontuithe neamhcheangailteacha, a bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil i gceist lena n-ábhar agus lena dtugtar ráthaíochtaí teoranta. Measann an Spáinn nach féidir a áirithiú leis na comhaontuithe sin go n-urramófar cearta agus oibleagáidí daoine a fhillfear ar thríú tír, gan beann ar an bhfuil aon nasc acu leis an tír sin. D'fhéadfaí teaghlaigh a bhfuil leanaí acu a aistriú fiú chuig moil um fhilleadh i dtíortha nach bhfuil nasc ar bith acu leo. Thairis sin, mura bhfuil na comhaontuithe ceangailteach, tagann an cheist chun cinn faoin gcaoi a gcuirfí d'oibleagáid ar na Ballstáit agus ar thríú tíortha iad a chomhlíonadh. Trí fhoráil a dhéanamh don Aontas féin socruithe nó comhaontuithe neamhcheangailteacha a thabhairt i gcrích le tríú tíortha sa réimse sin, tá ardleibhéal freagrachta agus riosca do-ghlactha á gcur ar na Ballstáit uile. Ina theannta sin, tá ardriosca dlíthíochta ann cionn is gur féidir go sárófar prionsabal an *non-refoulement* a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Ina theannta sin, measann an Spáinn nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach sa téacs an tionchar díreach a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaontuithe sin a bheith á dtabhairt i gcrích ag an Aontas nó ag Ballstáit eile le tríú tíortha ar inchreidteacht chaidreamh seachtrach an Aontais le tríú tíortha, agus ar chaidreamh déthaobhach na mBallstát. Déantar foráil sa téacs maidir le sásra faisnéise do Bhallstáit a bhfuil teorainn acu lena chéile. Mar sin féin, ní chumhdaítear leis an bhfoclaíocht sin príomhthíortha comhpháirtíochta uile na Spáinne, a bhféadfadh Ballstáit eile comhaontuithe a thabhairt i gcrích leo gan an Spáinn a chur ar an eolas agus gan dul i gcomhairle léi.

Athdhearbhaíonn an Spáinn a thábhachtaí atá sé comhar le tríú tíortha a chur chun cinn trí chur chuige cuimsitheach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha. Tá amhras mór ar an Spáinn maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht ar an leibhéal oibríochtúil. In éagmais nasc teaghlaigh, sóisialta nó eacnamaíoch, níl a fhios ag an Spáinn cén dreasacht a bheadh ann do dhuine aistrithe gan iarracht a dhéanamh filleadh ar an Aontas ós rud é go bhfuil a n-ionchais i dtríú tír nach bhfuil cur amach acu uirthi teoranta. Ní dhearnadh aon anailís ar chostais agus tairbhí atá oibiachtúil ar an mbealach is íosta.

6. Agus maidir leis an tríú cúis, leis an téacs a cuireadh i láthair, tagann ceisteanna chun cinn maidir le dlíthiúlacht agus comhréireacht beart áirithe. Mar shampla, níl coinneáil ar an rogha dheiridh a thuilleadh. Ina theannta sin, méadaíodh an tréimhse caillte saoirse suas le 24 mhí, agus d'fhéadfadh síntí éiginnte a bheith i gceist. Déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht slabhra de thréimhsí coinneála a bheith ann i mBallstáit éagsúla gan aon teorainneacha ama a bheith i gceist leo. Tagann an cheist chun cinn an gceadófar san Aontas saoirse a bhaint de dhaoine atá i staid riaracháin neamhrialta ó thaobh tréimhsí níos faide a bheith acu ná na tréimhsí is infheidhme maidir le coirpigh a chiontaítear i gcionta tromchúiseacha.
7. Ar deireadh, léirigh na himeachtaí a tharla le déanaí in Ceuta go bhfuil gá le sásraí sonracha chun filleadh éifeachtach a áirithiú i gcás go mbeadh iontrálacha ollmhóra anordúla ag na teorainneacha seachtracha. Mar sin féin, níl bearta sa Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca eisceachtúla sin.
8. I bhfianaise an mhéid thuas, tá an Spáinn I gCOINNE ghlacadh an Rialacháin.
-